Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2023
(OR. en)

15337/23

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0814 (NLE)**
**2023/0813 (NLE)**

CMPT 32

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar beirt chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(2) de,

Ag féachaint do na tograí ó Ríocht na Sualainne agus ó Phoblacht na Portaingéile,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Tuairimí an 12 Nollaig 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige Eva LINDSTRÖM in éag an 29 Feabhra 2024. Mhol Poblacht na Sualainne Hans LINDBLAD a cheapadh mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ón 1 Meitheamh 2024.

(2) Cailleadh João FIGUEIREDO an 30 Meitheamh 2021. Bhí a théarma oifige le dul in éag an 29 Feabhra 2024. Mhol Poblacht na Portaingéile João LEÃO a cheapadh mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ón 1 Márta 2024.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, beirt chomhaltaí nua a cheapadh ar an gCúirt Iniúchóirí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí:

– Hans LINDBLAD, don tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2030,

– João LEÃO, don tréimhse ón 1 Márta 2024 go dtí an 28 Feabhra 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*